

LNTO

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL RÁITEAS
ASCHUIR 2013



National Centre for Guidance in Education
Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas

CLÁR

Clár	1
Brollach	2
Réamhrá an Stiúrthóra	3
An Lárionad Náisiúnta um Threoir San Oideachas	5
Aidhmeanna LNTO	6
Coiste um Bhainistiú Treorach	7
Fochoiste Airgeadais	7
Achoimre Ar Phríomh-Aschuir do 2012	8
A Gníomhaíochtaí Bainistíochta agus Eagraíochta	8
B Gníomhaíochtaí Iarbhunscoile	9
Acmhainní agus Ábhair a Sholáthar don Iarbhunscoil	10
Coistí agus Grúpaí Oibre	10
C Gníomhaíochtaí in Earnáil an Aosoideachais	12
Comhordú AEGI	12
Gníomhaíochtaí Eile AEGI	13
Lámhleabhar Gréasán-Bhunaithe AEGI	14
D Gníomhaíochtaí Bunscoile agus an Earnáil Neamhfhoirmiúil	14
E Gníomhaíochtaí Ardoideachais	14
Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC)	15
F Gníomhaíochtaí Eorpacha	16
Euroguidance	16
Scoileanna Eorpacha	17
Academia	17
Comhdhálacha AE	18
G Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an Tsaoil (ELGPN)	19
Fóram Náisiúnta um Threoir	20
H Ginearálta	21
Foilseacháin, Acmhainní agus Ábhair	21
Soláthar Faisnéise agus Comhdhálacha	22
I Forbairtí TFC in LNTO	22
Tuarascáil Airgeadais	23
An Lárionad Náisiúnta um Threoir San Oideachas	24
Foireann sa Bhliain 2013	24
Coiste um Bhainistiú Treorach 2013	24
Gluais	26
Aguisín 1 - Ról an Choiste um Bhainistiú Treorach	27
Aguisín 2 - Plean Straitéiseach 2012-2014	28
Gníomhartha agus Gníomhaíochtaí Gaolmhara do 2012 -2013	28
Aidhmeanna LNTO	28
Cuspóirí LNTO	30

BROLLACH

Mar Chathaoirleach ar an gCoiste um Bhainistiú Treorach LNTO, tá sé de phribhléid agam an Brollach seo a scríobh do Thuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir 2013 an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas. Cuirfean an tuarascáil seo i láthair ar shuíomh gréasáin an Lárionaid freisin agus beidh sí ar fáil de réir mar a fhoilsítear í.

I gcomhthéacs na timpeallachta eacnamaíochta agus sóisialta faoi láthair, tá idir dhúshláin agus dheiseanna ag baint leis an soláthar de threoir comhleanúnach agus iomlánaíoch ar feadh an tsaoil. Ag leibhéal náisiúnta tá LNTO, mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) agus ag feidhmiú faoi scáth Léargas, tiomanta d'fhís "Cleachtas na treorach a mhaoirsiú agus a mhúnlú chun cur ar chumas an fhoghlaimeora roghanna saoil a dhéanamh atá oilte agus iomchuí."

Agus taifead á thabhairt aige ar ghníomhaíochtaí agus ócáidí cláir, léiríonn an Tuarascáil Ráiteas Aschuir 2013 seo an chaoi ina gcuirtear an fhís sin i gcleachtadh. Léiríonn leithead agus scóip na Tuarascála seo, thar earnálacha éagsúla ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, an suíomh lárnach atá ag an treoir i gcuidiú le daoine "a gcumas iomlán a shroicheadh agus cur le forbairt na sochaí níos fearr" (Fóram Náisiúnta um Threoir, 2007).

Maidir le heagraíocht ar bith, má táthar le fíis a chur i bhfeidhm ní mór comhoibriú a fháil ó na páirtithe leasmhara uile. Gabhaim buíochas ó chroí leis an gCathaoirleach an tUas. Barra O'Briain atá ag éirí as, agus leis an gCoiste roimhe seo as a gcuid oibre go dtí mí Iúil 2013. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do chion mo chomhghleacaithe ar an gCoiste nua um Bhainistiú Treorach, de réir mar a thosaíonn siad ar théarma oifige nua trí bliana go dtí 2016. Tá saineolas gairmiúil acu thar raon de réimsí cleachtais treorach a shabhríonn go mór ról an choiste i dtacú le hobair LNTO.

Ar son an choiste ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do thacaíocht Jennifer McKenzie, Uas., Stiúrthóir, agus foireann LNTO, ag tacú le hobair an choiste as a ndúthracht agus as a seiftiúlacht chun gnéithe éagsúla na Tuarascála seo a thabhairt chun críche. Ach go háirithe, is mian liom suntas a dhéanamh de chion oibre ollmhór na foirne LNTO in eagrú an 12ú lánchruinnithe den Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil (ELPGN) i mí Feabhra 2013 le hionadaithe ó 30 tír agus, ina dhiaidh sin, an óstáil ar an gComhdháil Náisiúnta um Threoir i mí Márta 2013 – Treoir ar Feadh an tSaoil - An Bonn Fianaise a Thógáil - ar a d'fhreastal toscairí náisiúnta, agus comhghleacaithe AE agus idirnáisiúnta ó ELGPN.

Táimid fíorbhuíoch as an tacaíocht a thug an tUas. Jim Mullin, Príomhfheidhmeannach, Léargas, agus Bord Léargas, i rith na bliana. Chuidigh an tacaíocht a thug oifigigh éagsúla na Roinne Oideachais agus Scileanna go mór le cur chun cinn na hoibre a rinne LNTO le linn 2013.

Tugann LNTO aitheantas, agus gabhann buíochas as, cion oibre na gcleachtóirí treoirchomhairleoireachta laistigh de na leibhéil éagsúla den oideachas i gcruthú agus i soláthar seirbhíse treorach den scoth. Tugann an tuarascáil aschuir seo fianaise ar an gcaoi inar féidir straitéisí um threoir ar feadh an tsaoil a chur i gcleachtadh. Mar ghníomhaireacht rialtais le freagracht as treoir, tá LNTO ag tnúth le ról gníomhach a bheith aige san am atá romhainn in obair le ranna rialtais eile chun comhairle, tacaíocht agus cuidiú a chur ar fáil i bhfeidhmiú ghné na treorach faoi bhunú na scéime Ráthaíochta don Aos Óg.

Paul King,

Cathaoirleach,

Coiste um Bhainistiú Treorach 2013-2016



RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA

Clúdaíonn an Ráiteas Aschuir seo an tréimhse Eanáir 2013- Nollaig 2013 agus tugann léargas ar chlár gníomhaíochtaí an Lárionaid don bhliain. Sa bhliain 2013 tháinig deireadh le téarma an Chathaoirligh agus an Choiste um Bhainistiú Treorach 2010-2013 i mí Iúil agus ceapadh an Coiste nua agus an Cathaoirleach nua an tUas. Paul King.

Ar son fhoireann LNTO ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas an iar-Choiste agus buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach atá ag éirí as, An tUas. Barra O’Brian, as a thiomantas do LNTO ó 2010-2013.

Thionól LNTO cruinnithe Lónra Euroguidance agus an 12^ú Lánchruinniú den Lónra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil i mí Feabhra. Le tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) do leanúint ar aghaidh an Fhóraitm Náisiúnta um Threoir, thionól LNTO an chéad Chomhdháil Náisiúnta um Threoir ar an 1ú Márta, áit a sheol an tAire Quinn tionscadal náisiúnta chun an Paca Acmhainne Eorpach a thástáil ag teacht lenár gcuid oibre ELGPN.

I ndeireadh Fómhair, d’fhoilsigh LNTO *Athbhreithniú ar Sholáthar na Treoirchomhairleoireachta i Scoileanna Dara Leibhéal 2012-2013*, a thug cur síos ar na hathruithe i leithdháileadh na n-uaireanta treorach i scoileanna ag éirí as baint na bpost treoirchomhairleoireachta ex-quota i scoileanna dara leibhéal ó Bhuiséad 2012. Rinneadh an tAthbhreithniú ar Threoir chun bonn a chur ar fáil do phleanáil amach sa todhcháil ag ROS agus ag an gCoiste um Bhainistiú Treorach do LNTO chun tacú le leanúint an dea-chleachtais sa treoir i scoileanna.

Mar atá ráite sa Phlean Straitéiseach, gné rithábhachtach d’obair LNTO is ea obair i gcomhair le páirtithe leasmhara chun an dea-chleachtas sa treoir a thacú agus a fhorbairt laistigh d’earnáil an oideachais. I mbliana, mar a bhí i mblianta roimhe, d’oibrigh LNTO le gníomhaireachtaí náisiúnta, ranna rialtais, eagraíochtaí ionadaíochta, cumainn agus cleachtóirí chun eolas, comhairle agus tacaíocht a sholáthar maidir leis an dea-chleachtas sa treoir.

Tá tuilleadh eolais ar an clár uile atá luaite sa Ráiteas Aschuir 2013 seo ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.ncge.ie.

Tuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir LNTO 2013

Mar chríoch, mar Stiúrthóir LNTO, ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil lenár gCathaoirleach nuacheaptha, Paul King as a dhíograis agus a thacaíocht do LNTO. Fáiltím roimh an gCoiste nuacheaptha um Bhainistiú Treorach 2013-2016.

I mbliana lean LNTO d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mar a bhí ag gníomhaireachtaí poiblí eile, le foireann laghdaithe mar thoradh ar an gcosc ar earcaíocht. Mar sin féin, ní mór dom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do ghairmiúlacht fhoireann LNTO ina gcuid oibre i 2013. Bhí rath na Comhdhála Náisiúnta: Treoir ar Feadh an tSaoil - An Bonn Fianaise a Thógáil ag brath go mór ar a bhfíor-thiomantas agus creideamh sa tábhacht atá le treoir den scoth ar feadh an tsaoil.

Agus ar deireadh, mo bhuíochas leis na soláthróirí seirbhíse agus conraitheoirí seachtracha éagsúla a oibríonn go dlúth linn in LNTO chun ár n-aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach.

Is mise le meas

Jennifer McKenzie, Stiúrthóir, LNTO



AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA UM THREOIR SAN OIDEACHAS

Gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna is ea an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, atá ag feidhmiú faoi scáth Léargas, le freagracht as tacaíocht agus forbairt ar chleachtadh na treorach i réimsí uile an oideachais agus bonn a chur le polasaí na Roinne i réimse na treorach.

D'aontaigh an Coiste um Bhainistiú Treorach 2010-2013 gurb iad seo a leanas Misean agus Fís LNTO

Misean: Forbairt agus tacaíocht do soláthar treorach den scoth in earnáil an oideachais mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil ag teacht leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta

Fís: Cleachtadh na treorach a mhaoirsiú agus a mhúnlú chun cur ar chumas an fhoghlaimora roghanna saoil oilte agus imchuí a dhéanamh

Agus sainmhíniú á thabhairt ar threoir in earnáil an oideachais, tá LNTO á threorú ag Tuarascáil an Fhórait Náisiúnta um Threoir 2007¹ agus Treoirínte ROS 2005² a deir:

"Cuidíonn treoir le daoine, ar feadh a saol, a gcuid roghanna oideachais, oiliúna, gairme, pearsanta, sóisialta agus saoil a bhainistiú sa chaoi is go mbaineann siad a gcumas féin amach agus go gcuireann siad le forbairt na sochaí níos fearr"

Fóram Náisiúnta um Threoir 2007

"Baineann treoir sna scoileanna le sraith d'imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forásach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socrúithe éifeachtacha faoina saol. Cuimsíonn sé trí réimse atá nasctha lena chéile; forás pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais agus treoir ghairme"

Treoirínte do Scoileanna Dara Leibhéal ar Impleachtaí Alt 9 (c) den Acht Oideachais 1998, a bhaineann le rochtain mac léinn ar sholáthar treorach cuí.

¹ http://www.nationalguidanceforum.ie/documents/NGF_Guidance_for_Life%20final.pdf

² http://www.ncge.ie/uploads/pp_guidelines_second_level_schools_9c.pdf

Tugtar cur síos anseo thíos ar na haidhmeanna straitéiseacha atá mar bhunús le hobair an Lárionaid.

IS IAD AIDHMEANNA LNTO NÁ:

- Cur le feidhmiú an dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht i scoileanna, ionaid oideachais agus suíomhanna oideachais faoi réir riachtanas an Achta Oideachais 1998
- Cur le feidhmiú an dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon faoi réir tosaíochtaí náisiúnta
- Comhairle a thabhairt faoi pholasaí agus straitéisí chun contanam na treorach a chothú i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil
- Comhairle, tacaíocht, ábhair agus acmhainní a sholáthar don treoirchomhairleoireacht san oideachas
- Comhairle a thabhairt faoi oideachas agus oiliúint tosaigh sa treoirchomhairleoireacht atá ar ardchaighdeán agus ábhartha, agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sholáthar do chleachtóirí treorach
- Soláthar na treorach a eagrú do náisiúnaigh na hÉireann sna Scoileanna Eorpacha
- Cur le malartú an eolais ar sholáthar agus ar chleachtadh na treoirchomhairleoireachta le seirbhísí treorach agus fostaíochta eile, tríd an Lárionad Náisiúnta Acmhainne, (Lárionad EUROGUIDANCE) in Éirinn agus i mBallstáit eile an AE.

Agus a chuid aidhmeanna á gcomhlíonadh aige, tá LNTO, mar chomhchuid de Léargas, tiomanta d'obair i gcomhair agus i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, Stiúrtóirí Stáidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC), Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC), Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann (AEGAI), an tUdarás Ard-Oideachais (ÚAO), FÁS (SOLAS), Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (NAPD), An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ranna Rialtais eile agus gníomhaireachtaí Náisiúnta agus Fostóirí mar is cuí.

Cuireann LNTO tacaíocht agus forbairt ar fáil do chleachtóirí treorach in earnáil an oideachais agus cothaíonn sé soghluaisteacht Eorpach agus gné Eorpach na treorach san oideachas agus oiliúint. Is é LNTO an t-ionadaí atá ainmnithe ag ROS ag an Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil (ELGPN). Mar bhall den Líonra EUROGUIDANCE, arna mhaoiniú ag an Clár an AE um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, cuidíonn an Lárionad freisin le daoine atá ag lorg eolais ar dheiseanna oideachais agus oiliúna san Eoraip. Tugann LNTO comhairle agus cúnaimh do réimse leathan d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair atá páirteach san oideachas, san oiliúint agus san fhostaíocht maidir le cúrsaí treorach.

COISTE UM BHAINISTIÚ TREORACH

Bunaíodh LNTO Coiste um Bhainistiú Treorach (2010-2013) LNTO sa bhliain 2010 mar fhochoiste de Bhord Léargas agus ceapadh an tUas. Barra O'Briain ina Chathaoirleach. Tá an fochoiste seo freagrach as bainistiú ar pholasaí treorach, tacaí agus cúrsaí soláthar LNTO laistigh den chreat foriomlán buiséadta, rialaithe agus acmhainní daonna atá socraithe ag Léargas i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le ról agus freagrachtaí an Choiste um Bhainistiú Treorach féach **Aguisín 1**. Sa bhliain 2012, chríochnaigh an Coiste um Bhainistiú Treorach próiseas na Pleanála Straitéisí do 2012-2014 agus d'aontaigh an Plean Straitéiseach do na chéad 3 bliana eile, 2012-2014. (Féach **Aguisín 2**)

D'ainmnigh an tAire Oideachais agus Scileanna an Cathaoirleach nua agus baill an Choiste um Bhainistiú Treorach 2013-2016. Rinne Bord Léargas na baill seo a fhaomhadh agus a cheapadh don Choiste. Tionóladh an chéad chruinniú den Choiste nua ar an 1 Deireadh Fómhair.

FOCHOISTE AIRGEADAIS

Buaileann an Fochoiste Airgeadais um Bhainistiú Treorach uair sa ráithe. Ullmhaíonn Léargas cuntais bhainistíochta don bhfochoiste, agus cuirtear tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Bhainistiú Treorach. Ar bhaill an fhochoiste Airgeadais tá Stiúrthóir LNTO, Cathaoirleach an Choiste um Bhainistiú Treorach, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ionadaí ó Choiste Airgeadais agus Iniúchta Léargas agus ionadaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

ACHOIMRE AR PHRÍOMH-ASCHUIR DO 2012

A GNÍOMHAÍOCHTAÍ BAINISTÍOCHTA AGUS EAGRAÍOCHTA

Bhí ceithre cruinniú ag an gCoiste um Bhainistiú Treorach (2010-2013) le linn 2013.

Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste nuacheaptha (2013-2016), i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2013.

Mar thoradh ar an mbogadh, in éineacht le Léargas, chuig na hoifigí nua i gCúirt Mhic Liam, Clós Líosain, Baile Átha Cliath 2, bhí comhoibriú breise le Léargas chun córais chuí a fhorbairt agus a roinnt do riarachán gnó, acmhainní daonna agus TFC.

Sa bhliain 2013 leanadh den chóras um Athbhreithniú ar Bhainistiú Feidhmíochta na foirne a tugadh isteach i 2012, agus chuir an comhlacht seachtrach acmhainní daonna Company Peninsula, ar conradh nua, tacaíocht bhreise acmhainní daonna ar fáil. Mar fhostaithe ag Léargas, fuair an fhoireann i LNTO soiléiriú ar a dTearmaí Fostaíochta.

Sa bhliain 2013, bhí seisear foirne lánaimseartha ag LNTO lena n-áirítear: Stiúrthóir, Comhordaitheoir an Chláir Treorach (Iarbhunscóil), Oifigeach Treorach/Comhordaitheoir Euroguidance, Oifigeach Treorach (AEGI - Tionscnamh na Treorach um Oideachas Aosach), Oifigeach Eolais agus Riarthóir Oifige. Bhí ball foirne amháin (Oifigeach Eolais) ar Shos Gairme don dara leath de 2013, agus dá bhrí sin bhí ar LNTO seirbhísí a cheannach ó chomhairleoir cuí chun Nuacht LNTO a chur in eagar agus a fhoilsiú agus chun suíomh gréasáin LNTO a chothabháil, a chur in eagar agus tacú leis.

Thug Rannóg Breisoideachais agus Scileanna ROS le fios do LNTO i 2013, ón 1 Eanáir 2014, go bhfaigheadh LNTO maoiniú don chlár AEGI ó SOLAS (i.e. An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna).

Sa bhliain 2013, chuir LNTO tús le Scéim Teanga a fhorbairt mar fhreagra ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus i ndiaidh fiosruithe ón gCoimisinéir Teanga maidir le soláthar seirbhísí LNTO as Gaeilge.

Ainmníodh Stiúrthóir LNTO ag Rúnaí Cúnta Rannóg Breisoideachais agus Scileanna ROS chuig Sainghrúpa CNES um *Athbhreithniú Straitéiseach ar Bhreisoideachas agus Oiliúint agus an Lucht Dífhostaithe* chun tuarascáil ROS a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir leis an athbhreithniú straitéiseach ar bhreisoideachas agus oiliúint agus an lucht dífhostaithe.

D'fháiltigh LNTO roimh Ard-Rúnaí ROS, Seán Ó Fóghlú ag cruinniú in oifigí nua LNTO maidir le sainchúram, ról agus clár oibre LNTO.

B GNÍOMHAÍOCHTAÍ IARBHUNSCOILE

Faoi láthair, laistigh d'earnáil na iarbhunscoileanna, tá 724 scoil dara leibhéal, a áiríonn scoileanna faoin Scéim Oideachais in Aisce (SOA) a áiríonn Scoileanna DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna), scoileanna príobháideacha a ghearrann táillí agus Coláistí Breisoideachais iar-Ardteistiméireachta (CFE).

Lean LNTO mar ionadaí ainmnithe ROS ar an nGrúpa Stiúrtha Maoirseachta ar an Treoirchomhairleoireacht. Tá an coiste seo á mhaoiniú ag Rannóg Oideachais Múinteoirí ROS, á bhainistiú ag Ionad Oideachais Mhuineacháin agus á chomhordú trí líonra Bhainse Institiúid na dTreoirchomhairleoirí.

D'fhoilsigh LNTO an Tuarascáil ar Sholáthar na Treoirchomhairleoireachta i Scoileanna Dara Leibhéal i mí Dheireadh Fómhair, 2013. Sa Tuarascáil tá moltaí déanta ag an gCoiste um Bhainistiú Treorach don ROS ag éirí as tatal na Tuarascála.

http://www.ncge.ie/uploads/Review_of_Guidance_Counselling_provision_in_second_level_schools_2012-2013.FINAL.pdf

Thug an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) cuireadh do LNTO ionchur a sholáthar do na dréachtcháipéisí do Folláine i Scoileanna – Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe. D'oibrigh LNTO go díreach le SNSO chun bunról na treoirchomhairleora agus an clár treorach scoile uile sa phróiseas seo a shoiléiriú. Sheol ROS, FSS agus an Roinn Sláinte agus an Oifig Náisiúnta um Chosc an Fhéinmharaithe na Treoirlínte seo sa bhliain 2013.

http://www.nosp.ie/Well_Being_PP_Schools_Guidelines.pdf

Chuir LNTO tús le hathbhreithniú cláir ar an gclár Pleanáil Treorach Scoile Uile atá creidiúnaithe ag HETAC. Mar chuid den athbhreithniú chláir seo tá Tuarascáil Fhéinmheastóireachta (neamhfhoilsithe faoi láthair) ullmhaithe ag LNTO. Nuair a chuirfear an tuarascáil seo i gcrích sa bhliain 2014, cuirfear í faoi bhráid Painéil a thionólfar mar chuid de phróiseas an Athbhreithnithe Cláir. Tá teagmháil déanta le Cathaoirleach don Phainéal agus tabharfar tuarascáil don Choiste um Bhainistiú Treorach in 2014.

I bhfianaise thorthaí an athbhreithnithe agus na moltaí, lean LNTO den nuashonrú ar a acmhainní pleanála treorach ag teacht leis na Treoirlínte um Fhéinmheastóireacht Scoile a d'fhoilsigh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna sa bhliain 2012. I mí na Nollag 2013, bhvail Comhordaitheoir an Chláir Treorach leis an gCigireacht ROS freagrach as an bpróiseas FMS chun plé a dhéanamh maidir le pleanáil treorach agus forbairt na n-acmhainní agus na dtacaí nua do phleanáil treorach ag cur an phróisis FMS san áireamh. Bhí an obair ullmhúcháin seo ar siúl i 2013 sa chaoi is go dtabharfadh LNTO cuireadh do threoirchomhairleoirí freastal ar cheardlanna aonair pearsanta agus ar líne sa phleanáil treorach scoile uile i 2014.

D'fhostaigh LNTO seirbhísí comhairleora um 'TFC sa teagasc agus san fhoghlaim' chun scópáil, taighde agus comhairle a thabhairt ar acmhainní cuí ar líne a fhorbairt do sholáthar FGL ar líne do threoirchomhairleoirí i 2014.

Chuir LNTO moladh faoi bhráid ROS maidir le soláthar cuí FGL amach anseo.

ACMHAINNÍ AGUS ÁBHAIR A SHOLÁTHAR DON IARBHUNSCOIL

Foilsíodh an Lámhleabhar Fianaisebhunaithe ag LNTO agus seoladh é ag Comhdháil Treorach LNTO ar 1 Márta, 2013. Iarradh ar threoirchomhairleoirí a ghlac páirt sna trí modúl uile den chlár um Phleanáil Treorach Scoile Uile atá creidiúnaithe ag HETAC cás-staidéir a dhéanamh don Lámhleabhar. Tá an Lámhleabhar ar fáil ó http://www.ncge.ie/uploads/Evidence_based_lámhleabhar-final.pdf

Chuir beirt treoirchomhairleoirí a raibh ábhar curtha ar fáil acu don Lámhleabhar a gcás-staidéir i láthair ag Comhdháil Treorach LNTO ar 1 Márta.

Sheol LNTO an Lámhleabhar Scoile um Threoir, lámhleabhar ar líne do threoirchomhairleoirí, i Meán Fómhair, 2013 ag an gcomhdháil *Higher Options*. Tá sé seo ar fáil do threoirchomhairleoirí agus scoileanna uile ag www.schoolguidancelámhleabhar.ncge.ie.

Cuireann an Lámhleabhar ar líne ábhar ar fáil chun tacú le cleachtadh na treorach i scoileanna. Is féidir le scoileanna clárú leis an lámhleabhar chun teachtaireachtaí a fháil maidir le hábhar. Bhunaigh LNTO Painéal Eagarthóireachta le hionadaithe ó Chigireacht ROS agus Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht agus bhunaigh nósanna imeachta chun ábhar cuí a cheadú don Lámhleabhar nua ar líne. Buailéann an Painéal Eagarthóireachta le chéile roinnt uaireanta in aghaidh na bliana chun: ábhar a cuireadh isteach a bhreithniú; moltaí a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an ábhair; athruithe eagarthóireachta a mholadh mar is cuí roimh an fhoilsithe. Chuir LNTO isteach ar, agus bronnadh ISSN ar an Lámhleabhar Scoile um Threoir ag an lárionad Éireannach ISSN i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann - *ISSN 2009-6801*

Lean LNTO de sheirbhísí a ordú ó Ms Anne Tuffy, Treoirchomhairleoir iarbhunscoile ar scor agus iar-oiliúnaí ar an gclár um Phleanáil Treorach Scoile Uile, mar Chomhordaitheoir ar phróiseas soláthair seo an Lámhleabhair. Tá an t-aiseolas atá faighte go dtí seo ar an Lámhleabhar Scoile um Threoir ar líne thar barr.

COISTÍ AGUS GRÚPAÍ OIBRE

Coiste Comhairleach ar Thástáil Shíciméadrach

Tionólaíonn LNTO cruinniú an Choiste Comhairligh ar Tástáil Shíciméadrach uair sa bhliain ar son ROS. Is í Stiúrthóir LNTO atá ina cathaoirleach ar an gcoiste seo, a thionóltar i LNTO i mí Bealtaine gach bliain. Tionóladh an cruinniú seo ar 27 Bealtaine 2013. Ar an gCoiste tá ionadaithe ó ROS, LNTO, SNSO, IGC, Cumann Tacaíochta Foghlama na hÉireann (ILSA), Cumann Síceolaíoch na hÉireann (PSI) agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann (CIC).

Is é sainordú an Choiste ná athbhreithniú a dhéanamh in aghaidh na bliana ar liosta na Roinne Oideachais agus Scileanna d'uirlisí measúnaithe foirmiúla (lena n-áirítear trialacha) atá ceadaithe le húsáid sa treoir agus/nó sa tacaíocht foghlama in iar-bhunscoileanna don bhliain acadúil ag teacht.

Cuirtear liosta ceadaithe ROS de thrialacha do 2013/2014 ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS le nasc díreach freisin ó shuíomh gréasáin LNTO:

- http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/list_approved_tests.pdf

Grúpa Oibre ROS um aitheantas ar threoirchomhairleoirí i scoileanna agus ionaid laistigh de shainordú ROS.

Sa bhliain 2013 bhí dhá chruinniú ag an ngrúpa oibre seo, a bhunaigh ROS i 2012. I measc na mball tá ionadaithe ó Aonad Polasaí Cáilíochtaí, Curaclaim agus Measúnaithe ROS (QCAP), Rannóg Breisoideachais agus Scileanna, Cigireacht ROS agus LNTO. Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh do SNSO ionadaí a ainmniú don ghrúpa freisin. Is é seo a leanas sainordú an ghrúpa mar atá aontaithe: plé le ceisteanna ar nós na gcritéar d'aitheantas ar threoirchomhairleoirí le hobair in institiúid atá faoi shainordú ROS; prótacail a bhunú trínar féidir cúrsaí a bhfuil aitheantas mar threoirchomhairleoir mar thoradh orthu a bheith ceadaithe ag an Roinn; prótacail a bhunú trínar féidir athruithe ar chúrsaí a bhfuil aitheantas mar threoirchomhairleoir mar thoradh orthu a bheith ceadaithe ag ROS.

Ar son an ghrúpa oibre seo, lorg LNTO ionchur agus ina dhiaidh sin d'éascaigh sé plé ar an gcreat aitheantais cúrsa le linn cruinnithe breise de Stiúrthóirí Staidéar na Treoirchomhairleoireachta.

Próiseas Comhairliúcháin QQI ar Dhréacht-Chaighdeáin Gradam do Chomhairleoireacht agus Síciteiripe

I ndiaidh cruinnithe de na páirtithe leasmhara cuí i ROS, d'fhreastal LNTO ar cheardlann a chuir QQI ar fáil i mí na Samhna, 2013 maidir le dréacht-chaighdeáin gradam do chomhairleoireacht agus síciteiripe. Ag an gceardlann rinne LNTO cur i láthair gairid, i gcomhair le IGC, ar son LNTO, DSGC agus AEGAI, a rinne suntas den tábhacht atá le haitheantas ar an teideal seanbhunaithe de threoirchomhairleoir a bheith coinnithe más rud é go mbogann an Roinn Sláinte agus CORU le gairm na comhairleoireachta a rialú.

Rinne LNTO aighneacht fhoirmiúil freisin le QQI ar an ábhar seo (Féach leathanach 51 de cháipéis QQI Dréacht-Chaighdeáin Gradam do Chomhairleoireacht agus Síciteiripe – Aiseolas a Fuarthas atá ar fáil le híoslódáil ar

<http://www.qqi.ie/Downloads/Standards/Feedback%20docs/Counselling%20and%20Psychotherapy%20-%20%20Consolidated%20Feedback%20Updated%20050314.pdf>

C GNÍOMHAÍOCHTAÍ IN EARNÁIL AN AOSOIDEACHAIS

COMHORDÚ AEGI

Déanann LNTO comhordú ar an Tionscnamh Treorach um Oideachas Aosach (AEGI) ar son ROS. Ar 1 Iúil 2013, tháinig na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) san ionad ar na Coistí Gairmoideachais.

Tá 39 Seirbhís AEGI ann go náisiúnta a bhíodh á mbainistiú ag 32 Coiste Gairmoideachais agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Mar thoradh ar an athrú seo, tá na seirbhísí AEGI anois á mbainistiú ag na 16 BOOanna.

Bhuail LNTO roinnt uaireanta le rannóg Breisoideachais agus Scileanna ROS chun eolas agus comhairle a thabhairt maidir le hábhair inní i leith sholáthar leanúnach sheirbhísí AEGI i ndiaidh chumasc na gCoistí Gairmoideachais isteach sna 16 BOOanna.

Thionól Rannóg Breisoideachais ROS cruinniú amháin den Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta AEGI i mí na Nollag. I measc na mball den ghrúpa Comhairleach seo tá: ROS, LNTO, ETBI, AEGAI agus AEOA. I ndiaidh bhunú SOLAS, tugadh cuireadh d'ionadaí SOLAS freastal ar an gcruinniú den ghrúpa Comhairleach i mí na Nollag.

Lean LNTO den mhonatóireacht ar sholáthar seirbhísí AEGI trí na tuairiscí Cáilíochta agus Cainníochta. Chuir LNTO na Tuairiscí Feidhmiúcháin i gcrích, a tugadh don ghrúpa Comhairleach agus a cuireadh ar fáil do na seirbhísí agus bainistíocht AEGI uile le híoslódáil tríd an Lámhleabhar AEGI gréasán-bhunaithe.

Cuireann LNTO monatóireacht agus tacaíocht ar fáil don Chóras Bainistíochta Treorach d'Aosaigh (AGMS), bunachar eolais cliaint agus bainistíochta na AEGlanna. Lorg agus cheadaigh ROS athruithe le déanamh ar an AGMS faoi réir na dtreoirínte oibriúcháin nua ROS do AEGI. Le linn 2013 forbraíodh nuashonruithe le Salespulse (an comhlacht bogearraí TF atá ar conradh leis an AGMS a chothabháil agus a fhorbairt) a d'áirigh: earnálacha agus fo-earnálacha tionscail; liosta leathnaithe de chatagóirí cliaint agus bunachar de 'chás-staidéir' a threorídh deimhniú cáilíochta agus comhoibriú sa chleachtadh.

Chuir LNTO tacaíocht theicniúil ar fáil do sheirbhísí agus d'fhoireann AEGI agus bhí i gcaidreamh le bainistíocht BOO/WIT maidir leis na seirbhísí AEGI ar bhonn rialta.

Tá ball foirne amháin – Oifigeach Treorach – ag LNTO atá ag obair go sainiúil ar an gclár AEGI, ag tuairisciú don Stiúrthóir. Sa bhliain 2013, d'iarr ROS ar LNTO iarratas a athsheoladh isteach le post mar Chomhordaitheoir Cláir Treorach (breisoideachas agus oiliúint) a leithdháileadh, ról ag leibhéal ag Phríomhoifigigh Cúnta, le maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairtí ó lá go lá sa treoir laistigh d'earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna, seirbhísí AEGI san áireamh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE AEGI

Dréacht-Treoirlínte um sholáthar seirbhísí AEGI do dhaoine 16 go 18 bliana d'aois

Mar thoradh ar Threoirlínte Oibriúcháin ROS um AEGI, a d'éisíodh i 2012, bhí ar sheirbhísí AEGI seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga idir 16 – 18 bliana d'aois a d'fhág scoil go luath le cáilíochtaí foirmiúla ísle nó gan a leithéid ar chor ar bith. D'iarr Rannóg Breisoideachais agus Scileanna ROS ar LNTO tuilleadh treoirlínte a fhorbairt ar pholasaithe chun treoir a sholáthar don aoisghrúpa seo. Mar chuid den obair seo, thug Cumann Síceolaíoch na hÉireann, Cigireacht treorach ROS, IGC agus AEGAI aiseolas ar na príomhréimsí le plé sna dréacht-Treoirlínte. I Meitheamh na bliana 2013, chuir LNTO clár dhá lá FGL ar fáil don fhoireann AEGI uile ar Shíceolaíocht na hÓgántachta, chun cuidiú leis an bhfoireann agus iad ag déileáil leis an aoisghrúpa seo. Cuireadh an dréacht deiridh de na Treoirlínte faoi bhráid an ghrúpa Comhairligh le haghaidh tuairimí deiridh agus faomhadh i mí na Nollag.

Moladh do ROS um Fhoireann ar Conradh

D'iarr Rannóg Breisoideachais ROS ar LNTO iarratas a dhéanamh le nasc a dhéanamh idir na treoirchomhairleoirí sin, atá ar conradh ag BOOanna le treoir a sholáthar do chlár aosoideachais, atá lasmuigh de na seirbhísí AEGI. Thug LNTO cuireadh do AEOA agus AEGAI chuig grúpa oibre chun tús a chur le déileáil leis an gceist seo.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Rinne LNTO comhordú ar an gclár um Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) d'fhoireann na seirbhísí AEGI go náisiúnta sa bhliain 2013 - 39 Comhordaitheoir Treorach Aosoideachais, 38 Treoirchomhairleoir Aosoideachais agus 40 Oifigeach Eolais Treorach. I measc na dtéamaí a bhí ag an gclár FGL bhí Teacht Aniar agus Síceolaíocht na hÓgántachta.

An Clár Oibre Eorpach don Fhoghlaim Aosach 2012 – 2014

D'iarr ROS ar LNTO páirt a ghlacadh i nGrúpa Stiúrtha ROS don Chlár Oibre Eorpach don Fhoghlaim Aosach 2012 – 2014. Ar an nGrúpa Stiúrtha seo tá ionadaithe freisin ó NALA, AONTAS, Léargas agus ETBI. Díríonn sé ar rannpháirtíocht a ardú san fhoghlaim d'aoisigh ar cháilíochtaí ísle agus faoi mhíbhuntáiste.

Mar chuid den chlár oibre a bhaineann leis an Tástáil ELGPN ar an bPaca Acmhainne Eorpach, rinne an Stiúrthóir agus Comhordaitheoir Clár Treorach cur i láthair agus thug cuireadh do na Comhordaitheoirí AEGI páirt a ghlacadh sa tástáil ar na Creata um Scileanna Bainistíochta Gairme (CMS) agus Bonn Dheimhniú Cáilíochta agus Fianaise (QAE). D'oibrigh an Comhordaitheoir Clár Treorach leis na seirbhísí AEGI i réigiún an iarthuaiscirt sa tástáil ar an gCreat CMS agus thug torthaí tosaigh ar ais chuig an CMS PRC ag an gcruinniú sa Liotuáin a bhí ann i mí na Nollag, 2013. Leanfar den obair seo i 2014.

LÁMHLEABHAR GRÉASÁN-BHUNAITHE AEGI

Déanann LNTO an lámhleabhar ar líne do AEGI a bhainistiú agus a fhorbairt ar son ROS. Tá sé seo ar fáil le rochtain shlán foirne ar www.ncgeaegihandbook.com. Foilsíonn LNTO tuairiscí cáilíochtúla agus cainníochtúla AEGI dhá uair sa bhliain ar an Lámhleabhar AEGI le staitisticí náisiúnta maidir le húsáid agus tagairt do na seirbhísí agus bainistíocht AEGI. Chuir LNTO tús leis an bpróiseas sa 2013 de nuashonrú ar an ábhar agus ar an eolas, bunaithe ar na hathruithe ar na Coistí Gairmoideachais-BOOanna.

D GNÍOMHAÍOCHTAÍ BUNSCOILE AGUS AN EARNÁIL NEAMH-FHOIRMIÚIL

Áiríonn **NCGE News** ailt maidir le ceisteanna treorach in earnáil neamhfhoirmiúil agus bun scoile. Foilsíodh ailt i **NCGE News** a aibhsíonn cleachtadh treorach sa bhunoideachas ar fud an AE.

Lean an tOifigeach Treorach/Comhordaitheoir Euroguidance de thaighde a dhéanamh ar leibhéal na treorach foirmiúla sa chóras bun scoile i dtíortha eile an AE agus de shamplaí den dea-chleachtas, lena n-áirítear an clár *Aistear* i mbun scoileanna, a sholáthar i **NCGE News**.

Bhí an tOifigeach Treorach/Comhordaitheoir Euroguidance i gcaidreamh leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar a dtogra mapála agus eolais um Sheirbhís Aosoideachais agus ghlac páirt sa ghrúpa comhairleach don tuarascáil taighde CNOS "*Study of the Access and Progression Experiences of Students with Special Educational Needs Moving from Compulsory Education to Further and Higher Education*".

Lean LNTO de naisc a bhunú le Lárionaid Eolais Óige aonair tríd an bhFóram Náisiúnta um Threoir agus ailt sa ríomh iris NCGE News. (Féach Roinn H).

Bhunaigh an tOifigeach Treorach/Comhordaitheoir Euroguidance naisc fhoirmiúla le EUROROSK atá bunaithe i Léargas agus tugadh cuireadh di láithrithe a sholáthar don líonra EUROROSK trí na Lárionaid Eolais Óige.

E GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARDOIDEACHAIS

Mar thoradh ar an rath ar bhí ar an líne teileafóin treorach Springboard de chuid Oifig Rochtana Náisiúnta FSS sa bhliain 2012, thug FSS cuireadh do LNTO tacú leis an bpróiseas arís i 2013.

Bhí LNTO páirteach le FSS san earcaíocht ar fhoireann a bhí cáilithe mar ba chúil don líne teileafóin Springboard, agus chuir oiliúint ionductaithe ar fáil don fhoireann seo. Chuir an FSS an tsamhail mhaoirseachta ar bun d'fhoireann treorach mar a bhí molta ag LNTO i 2012.

Tuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir LNTO 2013

Lean Stiúrthóir LNTO de chaidreamh le hionadaithe ó Chumann na Seirbhísí Gairme Ardoideachais (AHECS) maidir leis an bhFóram Náisiúnta um Threoir agus an Comhdháil Náisiúnta.

Mar ghné de chlár EUROGUIDANCE LNTO, thug an Comhordaitheoir Euroguidance cuir i láthair chuig mic léinn iarchéime na treoirchomhairleoireachta sna hollscoileanna ar réimsí de pholasaí treorach agus gníomhaíochtaí EUROGUIDANCE. D'fhreastal LNTO ar, agus rinne cur i láthair ag, na féilte iarchéime in Ollscoil Luimnigh (UL) agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC).

Áiríonn **NCGE News** ailt ar chúrsaí treorach san ardoideachas agus aibhsíonn samplaí de chleachtadh nuálaíoch agus acmhainní.

STIÚRTHÓIRÍ STAIDÉAR SA TREOIRCHOMHAIRLEOIREACHT (DSGC)

Rinne LNTO óstáil agus cathaoirleacht ar an gceithre chruinniú de choiste na Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC) i 2013. Tá ionadaithe ar an gCoiste seo ó na cúig Ollscoil in Éirinn a chuireann clár oideachais agus oiliúna tosaigh don treoirchomhairleoireacht ar fáil. Áiríonn siad seo Stiúrthóirí na gclár in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Luimnigh agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is é sainordú an Choiste ná ceistanna polasaí, sóisialta agus cleachtadh sa treoirchomhairleoireacht a scrúdú agus na himpleachtaí atá acu seo d'fhorbairt, do sholáthar, d'ábhar agus don athbhreithniú ar chlár oideachais agus oiliúna tosaigh sa treoirchomhairleoireacht.

Rinne LNTO cathaoirleacht freisin ar chruinniú na Stiúrthóirí le IGC a tionóladh i 2013.

Thug LNTO cuireadh do DSGC ionchur a sholáthar don chreat aitheantais chúrsa ROS agus d'éascaigh plé ina leith seo. Chuir LNTO spás oibre ar líne ar fáil chun plé na Stiúrthóirí a éascú tríd an VLE.

Bhuail LNTO agus DSGC le Cumann Síceolaíochta na hÉireann (PSI) chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le clár trialacha síceolaíochta a fhorbairt do threoirchomhairleoirí. Faoi láthair tá clár ag PSI do threoirchomhairleoirí agus tá an clár seo á nuashonrú faoi réir na bhforbairtí ag an leibhéal idirnáisiúnta i.e. EFPA. Cothóidh an clár athfhorbartha an dea-chleachtas sa tástáil shíciméadrach agus cinnteoidh sé go mbeidh na treoirchomhairleoirí atá cláraithe ar an gclár ina n-úsáideoirí trialacha cumasacha. Ina theannta sin tabharfadh aghaidh ar cheist na sábháilteachta poiblí toisc go bhfanfaidh an clár le heagraíocht atá bunaithe in Éirinn. Nuair a fhoilseofar an clár athfhorbartha spreagfar na treoirchomhairleoirí le clárú air.

F GNÍOMHAÍOCHTAÍ EORPACHA

EUROGUIDANCE

Rinne LNTO agus Euroguidance óstáil ar chruinniú an Líonra Idirnáisiúnta Euroguidance i mBaile Átha Cliath ar 24 agus 25 Feabhra 2013, i gcomhair leis an Uachtaránacht Éireannach. Bhí an t-aiseolas ón ócáid an-dearfach.

Shocraigh an Comhordaitheoir Euroguidance freisin do gach Ionad léiriú maisithe a fhorbairt (Bord Tíre) chun a dtaithe ar Threoir Fhianaisebhunaithe ina dtír féin a chur in iúl. Cuireadh na 'Boird Tíre' seo ar taispeáint le linn na seachtaine ócáidí i gcomhair leis an Uachtaránacht Éireannach, lena n-áirítear an cruinniú ELGPN agus an Chomhdháil Náisiúnta um Threoir. Chuir LNTO Bord Tíre na hÉireann ar fáil. I gcomhair leis na seirbhísí AEGI. Rinne an Comhordaitheoir Euroguidance comhoibriú leis an Oifigeach Treorach (AEGI) chun acmhainní scannáin ón gComhdháil a fhorbairt agus a léiriú - a thug léargas ar an eolas ón na Boird Tíre agus agallaimh le toscairí a bhí i láthair. Tá siad seo le feiceáil ag -

http://www.ncge.ie/home/resources-adv-results/search&publication_type=Videos/

D'fhreastal Oifigeach Treorach (Comhordaitheoir Euroguidance) LNTO ar chuaipteanna staidéir agus rinne óstáil ar chuaipteanna mar a léirítear san iarratas ar dheontas do chlár gníomhaíochtaí Euroguidance agus d'fhreastal ar oiliúint um Líonra Euroguidance i rith na bliana.

Cuireadh i gcrích an príomhsheomra cruinnithe Euroguidance, mar a moladh sa chlár gníomhaíochtaí, laistigh d'fhoirgneamh nua LNTO/Leargas i 2013. Baineadh úsáid as an seomra seo chun cruinnithe staidéir agus cruinnithe de ghrúpaí fócais treoirchomhairleoirí a óstáil.

Cuireann an Comhordaitheoir Euroguidance le gníomhaíochtaí Euroguidance trí eagarthóireacht ar nuachtlitir an Líonra Euroguidance, rannpháirtíocht ghníomhach sa dá ghrúpa oibre an Líonra, freagairt do na fiosruithe Euroguidance uile agus rannpháirtíocht ghníomhach san athfhorbairt ar an suíomh gréasáin Euroguidance in éineacht le comhpháirtithe líonra eile.

Mar chuid de straitéis margaióchta digítí do Euroguidance, a mhol an Comhordaitheoir Euroguidance sa bhliain 2012, lean LNTO dá leathanach Facebook Euroguidance a fhorbairt chun deiseanna soghluaiseachta agus foghlama ar fud an AE a chothú. D'éagraigh an Comhordaitheoir Euroguidance comórtais chun daoine a spreagadh le clárú ar an leathanach Facebook EG: Tugadh cuireadh d'Uachtarán IGC, Gerry Flynn, an crannchur a dhéanamh do bhuaiteoir an ghradaim ag an taispeántas Higher Options 2013. Bhunaigh LNTO EG protacail agus nósanna imeachta cuí do na comórtais seo bunaithe ar an dea-chleachtas reatha do chomórtais sna meáin shóisialta.

Mar chuid de Straitéis Margaíochta Digití Euroguidance, bhunaigh an Comhordaitheoir Euroguidance togra píolótach blagála, inar chuir mic léinn atá ag staidéar san Eoraip faoi láthair isteach nuashonruithe ar bhlag faoina dtaithe. Scaipeadh é seo trí NCGE News, Higher Options, suíomh gréasáin Euroguidance www.euroguidance.ie, cruinniú Lónra Euroguidance agus ag cuir i láthair do mhic léinn ar fud an náisiúin. Déanann an Comhordaitheoir Euroguidance teagmháil lenár gcomhpháirtithe éagsúla in Erasmus agus sa Ghníomhaireacht Náisiúnta ar fhorbairt an togra seo. Bhí rath air seo agus tá pleananna ar bun chun Togra Blagála níos foirmiúla a bhunú le leanúint ar aghaidh i 2014.

SCOILEANNA EORPACHA

Ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna, tacaíonn LNTO agus déanann comhordú ar an tseirbhís treorach do na Scoileanna Eorpacha (www.eurasc.org). Áiríonn an soláthar treorach bealaí éagsúla de sholáthar na treorach, treoir ghrúpa agus aonair do scoláirí, oícheanta eolais do thuismitheoirí agus seirbhís teileafóin agus ar líne ina measc.

Bainistíonn an Comhordaitheoir Euroguidance soláthar na seirbhíse chuig scoláirí Éireannach gach bliain trí chomhordú ar bheirt treoirchomhairleoirí le cuairt a thabhairt agus le hobair le Scoileanna Eorpacha ábhartha sa Bhruiséil agus i Lucsamburg. Ina theannta sin, sa bhliain 2013 lean LNTO de threoir a sholáthar chuig scoileanna níos lú trí Skype (glaoch físe ar líne). Sa bhliain 2013 tugadh an deis do scoláirí Éireannach i gceithre scoil déag teacht ar sheisiúin treorach ó threoirchomhairleoirí Éireannacha. Bhí an-rath ar an tseirbhís agus lean an Comhordaitheoir Euroguidance de sin le suirbhé ar líne chun taithí na scoileanna a mheas d'fhonn a chinntiú go leanfar de chaighdeán arda seirbhíse a sholáthar.

ACADEMIA

Déanann LNTO comhordú ar Academia (Malartú Eorpach na dTreoirchomhairleoirí) in Éirinn, atá maoinithe ag an gClár Foghlama an Feadh an tSaoil, mar chuid den ghníomh Leonardo da Vinci (VET Pro Mobility).

Sa bhliain 2013 rinne LNTO comhordú ar 8 treoirchomhairleoir Éireannacha le páirt a ghlacadh i gcuartheanna malartaithe ar an bhFionlainn, an Laitvia, an Fhrainc agus an Iorua.

Shocraigh LNTO an t-óstáil, i mBaile Átha Cliath, ar 13 Treoirchomhairleoir Eorpacha mar chuid den mhalartú Academia ó 15 go 19 Aibreán. Tháinig na rannpháirtithe ónár dtíortha comhpháirtíochta sa Bheilg, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Laitvia, san Iorua agus sa tSlóivéin. Chuimsigh an chuairt staidéir cuairteanna ar láithreach agus cuir i láthair ó fhoireann treorach i gColáiste na Tríonóide, DCU, Youthreach, iar-bhunscoileanna agus Seirbhísí Treorach d'Aosaigh. Thug DCU cuireadh do na rannpháirtithe suí isteach ar, agus páirt a ghlacadh i, léacht do mhic léinn sa Treoirchomhairleoireacht.

COMHDHÁLACHA AE

Rinne LNTO óstáil ar an gComhdháil Náisiúnta um Threoir – *Treoir ar Feadh an tSaoil - An Bonn Fianaise a Thógáil* i mí an Mhárta. Cé go raibh an chomhdháil dírithe ar an bhFóram Náisiúnta um Threoir agus toscairí náisiúnta, tugadh cuireadh d'ár gcomhghleacaithe AE agus idirnáisiúnta ó ELGPN agus EG freastal freisin.

D'iarr an Coimisiún Eorpach ar LNTO óstáil a dhéanamh ar chruinniú an ghrúpa comhordaithe PLOTEUS II le leanúint ar aghaidh ó chruinniú Lónra Euroguidance i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra. Lean an Comhordaitheoir Euroguidance dá cuid oibre ar Thogra PLOTEUS II, ag freastal ar chruinniú de Ghrúpa Comhordaithe PLOTEUS II i mí Iúil agus ag obair leis an ionadaí ainmnithe ROS/LNTO. D'aibhsigh sí torthaí an togra phiólótaigh Éireannaigh i measc an Lónra Euroguidance uile agus fuair sí roinnt iarratas ar eolas agus cruinnithe staidéir i 2014 mar thoradh air seo.

D'fhreastal an Comhordaitheoir Cláir Treorach ar Chomhdháil *Guide Project* an AE ó 5 - 7 Samhain i mBeirlín ar son LNTO. Bhí cuireadh tugtha ag Ionad Jabanna Bhaile Munna do LNTO páirt a ghlacadh sa chomhdháil. Ghlac an Comhordaitheoir Cláir Treorach páirt i bplé Painéil ag an gcomhdháil agus d'aibhsigh moltaí do dhéantóirí polasaí ar choinníollacha foghlama agus teagaisc chleachtóirí treorach.

D'fhreastal an tOifigeach Treorach don chlár AEGI agus an Comhordaitheoir Euroguidance ar an gcomhdháil IAEVG i Montpellier na Fraince a dhírigh ar an téama *Comhairleoireacht gairme: ceart daonna nó saoránaigh ?* Rinne an tOifigeach Treorach (AEGI) ceardlann a dhearadh, a chur isteach agus a chur i láthair ar théama *Cleachtadh Fianaisebhunaithe a Thógáil trí úsáid na Scéalaíochta/Insinte i dTuairisciú Cáilíochtúil*.

Ina theannta sin d'fhreastal an Comhordaitheoir Euroguidance ar roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta agus AE mar a bhí sa phlean EG do 2013. Ina measc siúd bhí Comhdháil *Euroguidance Social Media* agus an Chomhdháil *International Networking* a d'eagraigh EG na hEilbhéise i Meán Fómhair, an Chomhdháil *Counselling as a Profession in Europe*, a d'eagraigh an Cumann Eorpach do Chomhairleoireacht sa Ghinéiv i nDeireadh Fómhair agus an chomhdháil *Learning by Leaving* a d'eagraigh EG na Sualainne i mí na Nollag.

Thug an Coimisiún Eorpach cuireadh do Stiúrthóir LNTO labhairt ar Phainéal ag comhdháil pháirtithe leasmhara *ESCO Goes Live* sa Bhruiséil i nDeireadh Fómhair. <https://ec.europa.eu/esco/about-esco>

Déanann an Comhordaitheoir Euroguidance comhordú ar sholáthar sheastán na treorach mar ionadaí na hÉireann ag na comhdhálacha Amiens agus Salon d'Education sa Fhrainc gach bliain.

G LÍONRA POLASAÍ EORPACH UM THREOIR AR FEADH AN TSAOIL (ELGPN)

Cheap ROS LNTO mar ionadaí ainmnithe na hÉireann do ELGPN don tréimhse 2013-2014. Ó tharla go raibh Uachtaránacht ar Chomhairle an AE ag Éirinn i 2013, rinneadh baill de ghrúpa stiúrtha ELGPN 2013-2014 d'Éirinn, ag obair go dlúth leis an aonad comhordaithe ELGPN san Fhionlainn.

Rinne LNTO óstáil ar an 12ú lánchruinniú i mBaile Átha Cliath ar 27-28 Feabhra. D'fhreastal ionadaithe ó 30 tír, an Coimisiún Eorpach, aíonna agus eagrais náisiúnta agus AE a fuair cuireadh ar an gcruinniú. Chuir an tAire Ciarán Cannon fáilte roimhe na haíonna agus dhearbhaigh sé tiomantas na hÉireann don ELGPN. Ag an lánchruinniú seo chuir an Comhordaitheoir Cláir Treorach Polasaí na hÉireann um Threoir ar Feadh an tSaoil i láthair don ELGPN.

Thug an tAonad Comhordaithe cuireadh d'Éirinn a bheith mar Thír Ceannais son ghrúpa oibre um athbhreithniú polasaí ar *Dheimhniú Cáilíochta agus Cleachtadh Fianaisebhunaithe*. Is éard atá i gceist leis seo ná cathaoirleacht agus ceannas ar na 14 ballstáit sa ghrúpa seo sa phlé agus sa mhalartú eolais, chomh maith le sainchomhairleoir ELGPN an Dr Deirdre Hughes (RA). Thoiligh LNTO freisin páirt a ghlacadh sa ghrúpa um athbhreithniú ar pholasaí i leith Scileanna Bainistíochta Gairme (CMS) d'fhonn tacaíocht agus treoir a thabhairt d'fhorbairtí náisiúnta sa treoir.

ELGPN – an Paca Acmhainne Eorpach a thástáil

Chuir LNTO tús leis an bpróiseas go náisiúnta ar ag gComhdháil Náisiúnta ar 1 Márta leis an bPaca Acmhainne Eorpach a thástáil. Cuirfear an obair seo chun cinn tríd an Fhóram Náisiúnta um Threoir agus beidh rannpháirtíocht ann ó threoirchomhairleoirí agus cleachtóirí atá ag obair sna hearnálacha uile, lena n-áirítear: scoileanna, ardoideachas, aosoideachas, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ionad Jabanna Bhaile Munna.

An Todhchaí do ELGPN

I ndiaidh cainteanna ag an 12ú Lánchruinniú leis an Aire Cannon, chuir ROS litir tacaíochta isteach le leanúint ELGPN chuig an gCoimisiún Eorpach. Tugadh cuireadh d'ionadaí ROS agus do Stiúrthóir LNTO freastal ar chruinniú sa Bhruiséil leis an gCoimisiún Eorpach, Aonad Comhordaithe ELGPN agus ionadaithe Uachtaránacht na Liotuáine i mí Dheireadh Fómhair.

FÓRAM NÁISIÚNTA UM THREOIR

I ndiaidh athbhreithnithe i 2012, thoiligh ROS go leanfadh LNTO le comhordú an Fhórait Náisiúnta um Threoir laistigh de shainordú ballraíochta ELGPN. Bheadh sé mar aidhm ag an bhFóram Náisiúnta um Threoir (2013-2014) leanúint d'fhóram a sholáthar do phlé, do mhalartú eolais agus d'fhiosrú féidearthachtaí don chomhoibriú agus don chomhordú.

<http://www.ncge.ie/about-us/national-forum-on-guidance-2013-14/>

Bhunaigh LNTO foghrúpa foirmiúil den Fhóram Náisiúnta um Threoir 2013-2014, chun comhoibriú a chinntiú agus chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt do LNTO ina chomhordú ar an bhFóram. I measc na n-eagraíochtaí a fuair cuireadh ó LNTO ionadaithe a ainmniú le páirt a ghlacadh san fhoghrúpa bhí: An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP); Cumann na Seirbhísí Gairme Ardoideachais (AHECS); Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC); Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann (AEGAI), Stiúrthóirí Staidéar na Treoirchomhairleoireachta (DSGC).

Comhdháil Náisiúnta: Treoir ar Feadh an tSaoil - an Bonn Fianaise a Thógáil

Rinne LNTO óstáil ar an gComhdháil Náisiúnta um Threoir ar 1 Márta, mar an chéad chruinniú don Fhóram Náisiúnta um Threoir do 2013. Chuir an tAire Ruairí Quinn fáilte roimh na toscairí agus sheol sé an próiseas um Thástáil ar an bPaca Acmhainne Eorpach in Éirinn tríd an bhFóram Náisiúnta um Threoir (NFG). San iomlán, bhí breis agus 150 toscaire náisiúnta agus AE i láthair ag an gComhdháil. Tá tuilleadh sonraí, eolas agus físeanna ón gComhdháil ar fáil ar shuíomh gréasáin LNTO:

<http://www.ncge.ie/about-us/national-forum-on-guidance-first-meeting-of-2013/>

Tionóladh an dara cruinniú den Fhóram i gCloigtheach ROS i mí Dheireadh Fómhair.

I measc bhaill an Fhórait i 2013 bhí ionadaithe ó sholathróirí treorach san Ardoideachas, Iarbhunscoileanna, seirbhísí AEGI agus ionaid jabanna agus ROS, Stiúrthóirí Staidéar, DSP, gníomhaireachtaí bainistíochta, gníomhaireachtaí eolais óige, seirbhísí príosúin agus cleachtóirí príobháideacha. Toisc gur grúpa ionadaíoch é an Fóram, bhí idir 35 agus 40 duine i láthair ag an dá chruinniú a léirigh líon na ngrúpaí cleachtóirí a bhí i láthair ag an seoladh i 2013.

<http://www.ncge.ie/about-us/national-forum-on-guidance-second-meeting-of-2013>

H GINEARÁLTA

FOILSEACHÁIN, ACMHAINNÍ AGUS ÁBHAIR

Tugann **suíomh gréasáin LNTO** www.ncge.ie eolas do chliant agus do pháirtithe leasmhara ar ról agus gníomhaíochtaí LNTO, le rochtain dhíreach ar ranna ar nós “conas bheith i do threoirchomhairleoir”, cáipéisí polasaí agus taighde, agus polasaithe treorach agus soláthar thar na hearnálacha oideachais ar feadh an tsaol. Ar an leathanach baile tá sraithe d’íomhánna a aibhsíonn eolas faoi “nithe nua”. Is é ról an Oifigigh Eolais i LNTO ábhar an tsuímh a chur in eagar agus a uaslódáil. Forbraíodh codanna den suíomh le hacmhainní físeán-bhunaithe a áireamh trí chainéal Vimeo LNTO. Toisc go raibh an tOifigeach Eolais as láthair ar shos gairme sa dara leath den bhliain, cheannaigh LNTO seirbhísí ar conradh ó chomhairleoir seachtrach d’fhonn a chinntiú go raibh riarachán agus eagarthóireacht an tsuímh suas chun dáta agus reatha.

Seoladh suíomh gréasáin LNTO Euroguidance Éireann i 2013 mar mhicreashuíomh ar phríomh-shuíomh LNTO

www.euroguidance.ie

Taispeánann tuairiscí inmheánacha LNTO (trí “Google Analytics”) go raibh 16,578 cuairteoir ar shuíomh gréasáin LNTO i 2013. Cuairteoirí nua ar an suíomh ab ea 11,184 díobh seo (67%), agus an suíomh á rochtain ag thart ar 10,000 cuairteoir ó laistigh d’Éirinn.

Is éard is **NCGE News** ann ná nuachtlitir/iris idirghníomhach ar líne LNTO a fhoilsíonn ailt agus léirmheasanna ar sholáthar na treorach thar earnáil an oideachais. Foilsíonn LNTO an ríomhíris **NCGE News** dhá uair in aghaidh na bliana. Sa bhliain 2013 d’fhoilsigh LNTO eagrán Comhdhála/Earraigh agus Geimhridh. I ngach eagrán de **NCGE News** bíonn ailt faoin dea-chleachtas agus eolas ar sholáthar na treorach in iar-bhunscoileanna, san ardoideachas, treoir d’aoisigh agus earnálacha neamhfhoirmiúla. Áiríonn LNTO ailt freisin ar an dea-chleachtas ónár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta. Tugann NCGE News nuashonruithe faoi ghníomhaíochtaí an Larionaid Euroguidance, ELGPN agus an Fhórait Náisiúnta um Threoir agus áiríonn sé freisin léirmheasanna ar shuíomhanna gréasáin, aipeanna d’fhóin chliste agus leabhair ábhartha.

Déanann Oifigeach Eolais LNTO comhordú ar an bpróiseas, lena n-áirítear eagarthóireacht ar ailt a sheoltar isteach, dréacht-chóipeanna a chruthú, caidreamh leis a bhfoireann deartha agus foilsithe. Aimsíonn agus/nó scríobhann foireann uile LNTO ailt don nuachtlitir ar bhonn leanúnach. Toisc go gcuirtear **NCGE News** ar fáil mar fhoilseachán ar líne bíonn an deis ann an ríomhíris a scaipeadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chuig lucht léitheoireachta aimsithe de bheagnach 3000 i bpobal na treorach. Tá eagrán 2013 ar fáil ar líne – Eagrán 39, Eagrán an tSamhraidh – Tuairisc Speisialta Comhdhála agus Eagrán 40, Eagrán an Fhómhair: <http://www.ncge.ie/newsletter>

Tugann tuairiscí ónár soláthróir gréasáin (a scaipeann an ríomhíris freisin) go bhfuil leibhéal ard de ‘oscailtí’ agus ‘cliceáil-tríd’ ar an dáileadh r-phoist againn.

A fhad is atá an tOifigeach Eolais ar shos gairme, fuair LNTO seirbhísí ar conradh ó chomhairleoir seachtrach chun an próiseas seo a chomhordú.

Rinne LNTO iarratas chuig Lárionad ISSN na hÉireann i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus leithdháileadh Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISSN) dó don ríomhíris NCGE News. ***NCGE News (Baile Átha Cliath. Ar líne) ISSN 2009-6941.***

SOLÁTHAR FAISNÉISE AGUS COMHDHÁLACHA

Bhí seastáin ag LNTO ag comhdhálacha Institiúid na dTreoirchomhairleoirí i mí an Mhárta, agus Higher Options i Meán Fómhair. Chuir sé seo rochtain dhíreach ar LNTO ar fáil do threoirchomhairleoirí agus do chliant eile an Lárionaid.

Mar chuid de shainordú Euroguidance, fuair LNTO EG Éireann cuireadh ón gclár AE *Youth on the Move* seastán a óstáil agus cur i láthair a dhéanamh ag an taispeántas *Youth on the Move* ag an gcomhdháil Higher Options i Meán Fómhair.

I FORBAIRTÍ TFC IN LNTO

Tá LNTO tar éis úsáid na Timpeallachta Foghlama Fíorúla (VLE) a leathnú agus a leanúint chun tacú le hobair na gcoistí atá tugtha le chéile ag LNTO, amhail Painéal Eagarthóireachta an Lámhleabhair Scoile um Threoir, Stiúrthóirí Staidéar na Treoirchomhairleoireachta. Ina theannta sin, tá an t-ardán in úsáid freisin chun tacú le treoirchomhairleoirí atá ag glacadh páirt i dtograí LNTO - amhail an fhorbairt ar an Lámhleabhar Fianaisebhunaithe (thuaslúaithe) agus i gcur chun cinn na hoibre ELGPN QAE agus CMS. Mar chuid den obair CMS tá Wiki in úsáid ag treoirchomhairleoirí atá ag obair san AEGS i Réigiún an Iarthuaiscirt chun comhoibriú lena chéile maidir le haithint CMS do spriocghrúpaí laistigh den AEGI.

Tá fáil ar an VLE trí <http://vle.ncge.ie>

Lean LNTO de cheistneoirí Survey Monkey™ a úsáid d'aiseolas agus measúnú ar líne ar cheardlanna FGL um Phleanáil Treorach Scoile Uile.

Bhunaigh LNTO cainéal Vimeo LNTO go foirmiúil chun óstáil a dhéanamh ar acmhainní físeán-bhunaithe ar shuíomh gréasáin LNTO. Mar chuid den Chomhdháil Náisiúnta um Threoir: *Treoir ar Feadh an tSaoil - An Bonn Fianaise a Thógáil*, chruthaigh LNTO na 'Scannáin Tuairimí', a léirigh réimse de shaineolaithe/rannpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ag freastal ar an gComhdháil ag tabhairt a dtuairimí ar théama 'cleachtadh fianaisebhunaithe'. Tá na scannáin seo ar fáil anois ar ár gcainéal Vimeo agus trí shuíomh gréasáin LNTO: <http://vimeo.com/channels/ncgeopinions>

TUARASCÁIL AIRGEADAIS

Maoiniú LNTO

Tagann bunmhaoiniú don Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann an tAonad um Pholasaí Cáilíochtaí, Curaclaim agus Measúnaithe (QCAP) maoiniú do bhunchláir LNTO; tugann an Rannóg Breisoideachais maoiniú don chlár AEGI laistigh den LNTO; tugann Rannóg Idirnáisiúnta ROS maoiniú do chlár na Scoileanna Eorpacha; tacaíonn maoiniú an AE tríd an gclár Foghlama ar Feadh an tSaoil leis an Lárionad Euroguidance, ELGPN, agus clár Academia laistigh de LNTO. Thug rannóg Breisoideachais agus Scileanna ROS le fios do LNTO sa bhliain 2013 go mbeadh an leithdháileadh deontais AEGI á sholáthar ag SOLAS ón 1 Eanáir 2014.

Cuntais Achoimre LNTO 2013

Áiríonn an caiteachas mar atá sonraithe anseo thíos comhordú agus seachadadh na gclár thar speictream na foghlama ar feadh an tsaol, tuarastail na foirne agus forchostais an Lárionaid. Cuirtear tuarascálacha mionsonraithe airgeadais ar fáil in aghaidh na ráithe agus in aghaidh na bliana trí thuairiscí Ioncaim agus Caiteachais chuig ROS, Bord Léargas agus tuairiscí bliantúla airgeadais chuig an gCoimisiún Eorpach do chlár atá maoinithe ag an AE.

Cuntais Achoimre LNTO mar atá sonraithe i gcuntais iniúchta Léargas 2012:

Foinse Maoinithe	Ioncam	Caiteachas
Aonad QCAP ROS	€ 506,000	€ 506,000
ROS Breisoideachas	€ 188,462	€ 188,462
Iomlán Eile: (a áiríonn: Leonardo Da Vinci NRC – EUROGUIDANCE, Academia, Scoileanna Eorpacha, ELGPN)	€ 115,918	€ 115,918
IOMLÁN	€ 810,380	€ 810,380

AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA UM THREOIR SAN OIDEACHAS

FOIREANN SA BHLIAIN 2013



Jennifer McKenzie	Stiúrthóir
Linda Darbey	Comhordaitheoir Cláir Treorach
Hilary Lynch	Oifigeach Treorach (Comhordaitheoir Euroguidance)
Ursula Kearney	Oifigeach Treorach
Shivaun Gallagher	Oifigeach Eolais
James Hogan	Riarthóir Oifige

COISTE UM BHAINISTIÚ TREORACH 2013

Coiste um Bhainistiú Treorach 2010 - go dtí mí Iúil 2013

Barra O'Briain	Cathaoirleach (go dtí 1 Iúil 2013)
Breda Naughton	Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) – ó Mhárta 2012
Jim Mullin	Léargas
Marian O'Callaghan	Léargas – go Márta 2012
Fidelma Collins	Léargas – ó Shamhain 2012
John Wynne	Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann (AEGAI)
Eilis Coakley	Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC)
Patricia McDonagh	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (NAPD)
Paul King	Stiúrthóirí Staidéar na Treoirchomhairleoireachta (DSGC)
Colum Layton	Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)
Peter Brown	An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO)
Shira Mehlman	FÁS - ó Shamhain 2012
Elaine Quinn	An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) ó Shamhain 2012
Jennifer McKenzie	Stiúrthóir LNTO (ex-officio)

Coiste um Bhainistiú Treorach Iúil 2013 – 2016

Paul King	Cathaoirleach
Breda Naughton	Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)
Jim Mullin	Léargas
Fidelma Collins	Léargas
John Wynne	Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann (AEGAI)
Gerry Flynn	Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC)
Ursula Finnegan	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (NAPD)
Paul King	Stiúrthóirí Stáidéar na Treoirchomhairleoireachta (DSGC)
Colum Layton	Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)
Peter Brown	An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO)
Shira Mehlman	SOLAS (FÁS mar a bhí)
Elaine Quinn	An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)
Jennifer McKenzie	Stiúrthóir LNTO (ex-officio)

Baill an Choiste um Bhainistiú Treorach 2013-2016

Ó chlé go deas – ar chúl: Paul King; John Wynne; Colum Layton; Jennifer McKenzie
Chun tosaigh: Breda Naughton; Shira Mehlman; Gerry Flynn; Ursula Finnegan; Elaine Quinn



GLUAIS

ACCS	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
AEGAI	Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann
AEGI	Tionscnamh na Treorach um Oideachas Aosach
AEOA	Cumann na nOifigeach Aosoideachais
AGMS	Córas Bainistíochta um Threoir d'Aosaigh
CFE	Coláiste Breisoideachais
CIC	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
CNES	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
DEIS	Comhionannas Dheiseanna a Sheachadadh i Scoileanna
DSGC	Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht
DSP	An Roinn Coimirce Sóisialaí
ELGPN	Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna
FÁS	Údarás Oiliúna agus Fostaíochta
IAEVG	Cumann Idirnáisiúnta do Threoir Oideachais agus Gairme
IGC	Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
ILSA	Gníomhaireacht Tacaíochta Foghlama na hÉireann
IVEA	Gníomhaireacht Gairmoideachais na hÉireann
JMB	Bord Bainistíochta Comhpháirteach
LCAGP	Comhpháirtíocht Chathair Luimnigh um Threoir d'Aosaigh
NAPD	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha
PSI	Cumann Síceolaíochta na hÉireann
QCAP	Cáilíochtaí, Curaclam, Measúnú
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
ÚAO	An tÚdarás um Ard-Oideachas
VEC	Coiste Gairmoideachais
VLE	Timpeallacht Foghlama Fhíorúil
WSGP	Pleanáil Treorach Scoile Uile

AGUISÍN 1

Is é ról an Choiste um Bhainistiú Treorach ná:

- Maoirsiú agus treoir straitéiseach a thabhairt ar obair an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas faoi réir aidhmeanna an Lárionaid agus riachtanais tosaíochta an chórais oideachais.
- Éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Lárionaid a chinntiú maidir le comhairle den scoth, forbairt ghairmiúil, ábhair agus acmhainní sa treoirchomhairleoireacht a sholáthar do chleachtóirí treorach i scoileanna, ionaid oideachais agus suíomhanna aosoideachais.
- Bainistiú agus treoir straitéiseach a thabhairt d'obair an Lárionaid mar phointe fócasach náisiúnta do mhalartú eolais maidir le cleachtadh na treoirchomhairleoireachta le seirbhís treorach agus fostaíochta eile, in Éirinn agus le Ballstáit eile an AE.
- Soláthar a dhéanamh d'fheidhmiú an Lárionaid faoi réir na riachtanas reachtúla, riaracháin agus soláthair phoiblí, agus mar is cuí faoi réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit sa mhéid agus a bhaineann siad le cúrsaí polasaí, tacaí agus seachadta treorach, agus chun an creat tuairiscithe cuí le Léargas a chinntiú sa mhéid agus a bhaineann le gníomhaíochtaí an Lárionaid, agus cúrsaí buiséadta, acmhainní daonna agus foirne.
- Tuairisciú don Roinn Oideachais agus Scileanna ar fheidhmiú an Lárionaid, agus tuairisc scríofa a sholáthar ar bhonn bliantúil ar ghníomhaíochtaí an Lárionaid, lena n-áirítear a éifeachtúlacht agus a éifeachtacht i dtacú leis an dea-chleachtas i soláthar na treorach.
- Caidreamh a bheith ar bhonn leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar ghnéithe uile maidir le príomhpholasaí a mbíonn tionchar acu ar sholáthar na seirbhísí treorach do pháirtithe leasmhara nó ar fheidhmiú éifeachtúil an Lárionaid.

Tá freagracht ar leith ag an gCoiste as:

- beartú tosaíochta agus ceadú de chlár gníomhaíochtaí agus pleananna buiséid LNT0
- ceadú ar ionchuir a bhaineann le LNT0 i bpleananna straitéiseacha Léargas, tuarascálacha bliantúla /Tuarascálacha Ráiteas Aschuir srl.
- ceadú ar théarmaí mhórchonarthaí ar son LNT0, laistigh de chreat na cuntasachta atá aontaithe le Léargas
- ullmhú na gcuntas agus tuarascáil bhliantúil/Tuarascáil Ráiteas Aschuir maidir le gníomhaíochtaí LNT0 do Léargas agus don Roinn Oideachais agus Scileanna

AGUISÍN 2

AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA UM THREOIR SAN OIDEACHAS

PLEAN STRAITÉISEACH 2012-2014

GNÍOMHARTHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA DO 2012 -2013

MISEAN

Forbairt agus tacaíocht do soláthar treorach den scoth in earnáil an oideachais mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil ag teacht leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta

FÍS

Cleachtadh na treorach a mhaoirsiú agus a mhúnlú chun cur ar chumas an fhoghlaiméora roghanna saoil oilte agus imchuí a dhéanamh

Sainmhíniú ar Threoir

“Cuidíonn treoir le daoine, ar feadh a saol, a gcuid roghanna oideachais, oiliúna, gairme, pearsanta, sóisialta agus saoil a bhainistiú sa chaoi is go mbaineann siad a gcumas féin amach agus go gcuireann siad le forbairt na sochaí níos fearr” (Tuairisc an Fhóraitm Náisiúnta um Threoir 2007) ³

Baineann treoir sna scoileanna le sraith d’imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forásach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socruithe éifeachtacha faoina saol. Cuimsíonn sé trí réimse atá nasctha lena chéile; forás pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais agus treoir ghairme. (lch. 4 Treoirlínte Roinne, 2005)

IS IAD AIDHMEANNA LNT0 NÁ:

- Feidhmiú an dea-chleachtais a chothú sa treoirchomhairleoireacht i scoileanna, ionaid oideachais agus suíomhanna aosoideachais faoi réir riachtanas an Achta Oideachais 1998
- Cur le feidhmiú an dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht i scoileanna, ionaid oideachais agus suíomhanna oideachais faoi réir riachtanas an Achta Oideachais 1998
- Cur le feidhmiú an dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon faoi réir tosaíochtaí náisiúnta
- Comhairle a thabhairt faoi pholasaí agus straitéisí chun contanam na treorach a chothú i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil
- Comhairle, tacaíocht, ábhair agus acmhainní a sholáthar don treoirchomhairleoireacht san oideachas

³ http://www.nationalguidanceforum.ie/documents/NGF_Guidance_for_Life%20final.pdf

Tuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir LNTO 2013

- Comhairle a thabhairt faoi oideachas agus oiliúint tosaigh sa treoirchomhairleoireacht atá ar ardchaighdeán agus ábhartha, agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sholáthar do chleachtóirí treorach
- Soláthar na treorach a eagrú do náisiúnaigh na hÉireann sna Scoileanna Eorpacha
- Cur le malartú an eolais ar sholáthar agus ar chleachtadh na treoirchomhairleoireachta le seirbhísí treorach agus fostaíochta eile, tríd an Lárionad Náisiúnta Acmhainne, (Lárionad EUROGUIDANCE) in Éirinn agus i mBallstáit eile an AE.

Agus a chuid aidhmeanna á gcomhlíonadh aige, tá LNTO, mar chomhchuid de Léargas, tiomanta d'obair i gcomhair agus i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, Stiúrthóirí Stáidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC), Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC), Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann (AEGAI), an tUdarás um Ard-Oideachais (ÚAO), FÁS (SOLAS), Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (NAPD), An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ranna Rialtais eile agus gníomhaireachtaí Náisiúnta agus Fostóirí mar is cuí.

IS IAD CUSPÓIRÍ LNTO NÁ:

1. FORBAIRT AGUS CUR LE POLASAÍ ROS, CAIGHDEÁIN AGUS AN DEAOCHLEACTAS SA TREOIR I GCOMHAIR LE PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA

PLEANÁIL STRAITÉISEACH – GNÍOMHARTHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA DO 2012 - 2013

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar príomhpháirtithe leasmhara ar bhonn bliantúil

- Cleachtadh don MGC le plé in aghaidh na bliana, chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chaidrimh le príomhpháirtithe leasmhara

2. Aithint agus tacú le forbairt shamhlacha an dea-chleachtais

- Déan athbhreithniú ar sholáthar na treorach i 2012 chun sonraí a bhailiú maidir le soláthar roimh thionchar na gciorraithe leithdháilte ex-quota agus ina ndiaidh. Cruthaigh tuarascáil ar na sonraí a bailíodh mar threoir do phlé amach anseo
- Obair i gcomhair leis an gCigireacht chun forbairtí cuí a aithint
- Grúpa oibre a thionól, ar son na Roinne, chun machnamh agus comhairle a thabhairt ar na nithe seo a leanas laistigh de chomhthéacs an Phlean Treorach Scoile Uile: Polasaithe agus treoirlínte um nósanna imeachta do shaincheisteanna a bhaineann le comhairleoireacht laistigh den treoirchomhairleoireacht / Polasaí scríofa maidir le ról na comhairleoireachta / Rúndacht / Tarchur / Measúnú Síciméadrach / Coimeád taifead agus comhordú an chláir OSPA agus Treorach laistigh den phlean treorach scoile uile.
- Freastal agus rannpháirtíocht i gCoiste Stiúrtha na Maoirseachta ar Threoirchomhairleoireacht mar Bhall ceaptha ag ROS. Caidreamh le Coiste Stiúrtha agus leis an gCigireacht chun modhanna cuí do bhailiú eolais agus saincheisteanna ina leith a aithint. Déan córas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun sonraí a bhailiú agus a thiomsú.
- Scríobh tuarascáil ar shaincheisteanna treoirchomhairleoireachta atá ag teacht chun tosaigh chun treoir a thabhairt d'fhorbairtí FGL
- Obair i gcomhair le seirbhísí AEGI agus na heagraíochtaí bainistíochta (Coistí Gairmoideachais agus WIT) chun tacú le forbairt na bPrótacal Eatramhacha de tharchur idir oifigí na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Coistí Gairmoideachais/AEGLanna

3. Déan leasú, nuashonrú agus soláthar ar acmhainní agus ábhair

- Athfhorbairt agus nuashonrú ar shuíomh gréasáin LNTO do rochtain éasca ar eolas maidir le LNTO, polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta srl.
- LNTO News a sholáthar mar ríomhíris dhá uair sa bhliain
- Nuashonrú ar Lámhleabhar an Treoirchomhairleora ag teacht le polasaithe agus nósanna imeacht atá aitheanta thuas
 - Athbhreithniú ar ábhar reatha – gníomhaíocht reatha go dtí deireadh mhí Aibreáin
 - Tionól grúpa oibre eagarthóireachta lena n-áirítear ionadaí ó na Stiúrthóirí Staidéar, IGC, agus LNTO srl.
 - Cruthaigh ábhar nua agus ábhar nuashonraithe mar is cuí laistigh den Lámhleabhar nua. Cruthaigh mar acmhainn ar líne nasctha leis an suíomh gréasáin.
- **Forbairt leanúnach ar acmhainní don Lámhleabhar AEGI.**
 - Caidreamh le soláthraithe atá páirteach chun lámhleabhar AEGI a nascadh leis an suíomh gréasáin nua
 - Teimpléid/físeáin srl d'úsáid AEGI / caidreamh le ROS chun rochtain a sholáthar faoi eolas AEGI chuig treoir aosaigh níos leithne in earnálacha an oideachais

4. Cuir fóraim plé ar fáil do pháirtithe leasmhara, m.sh. comhdhálacha, seimineáir srl.

- Comhordú ar chruinnithe an Fhórait Náisiúnta um Threoir in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair 2012 agus comhordaigh agus tabhair tacaíocht do chruinnithe foghrúpa d'ullmhúchán agus athbhreithniú ar chruinnithe an Fhórait
- Ullmhúchán d'óstáil na hUachtaránachta Éireannaí ar an AE ar lánchruinniú ELGPN ar 27 agus 28 Feabhra 2013
- Ullmhúchán do chomhordú agus óstáil na Comhdhála Idirnáisiúnta ar Threoir ar 1 Márta 2013: téama na comhdhála a shocrú, cainteoirí, seimineáir, cuirí a eagrú srl.

5. Taighde a ordú agus a scaipeadh

- Déan teagmháil le rannóg taighde ROS chun a fháil amach cén mhaoiniú atá ar fáil do thaighde
- Ordaigh taighde mar is gá, agus treoirlínte tairisceana á leanúint mar is cuí. Déan grúpaí stiúrtha ábhartha a thionól agus a chomhordú mar is cuí

2. **LÁIDRIÚ AN CHUMAIS EAGRAÍOCHTA CHUN CUR AR CHUMAS LNTO FEIDHMIÚ AR BHEALACH ÉIFEACHTÚIL, ÉIFEACHTACH AGUS INBHUANAITHE**

PLEANÁIL STRAITÉISEACH – GNÍOMHARTHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA DO 2012 - 2013

1. Déan iniúchadh scileanna chun riachtanais sa todhchaí a mheas mar is cuí

- Iniúchadh ar scileanna reatha foirne agus ar riachtanais an Lárionaid do chlár amach anseo

2. Cuir an córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (PMDS) i bhfeidhm chun cuidiú le táirgiúlacht a fheabhsú

- Déan córas PMDS a fhorbairt agus a thabhairt isteach atá iomchuí do LNTO, ar nós an chórais atá in úsáid ag Léargas faoi láthair

3. Aithint agus pleanáil do chomharbacht i bpríomhphoist fheidhmiúcháin

4. Cinntigh go bhfuil gach reachtaíocht chuí á comhlíonadh ag LNTO

- Lean de ghníomhaíochtaí agus tuairiscí faoi réir riachtanas ROS, m.sh. riachtanais um rialú corparáide; freagraí ar cheisteanna parlaiminte; tuarascáil bhliantúil a thairgeadh (ag tosú le 2011).

5. Déan athbhreithniú ar riachtanais acmhainne amach anseo – TF, AD agus trealamh

- Iniúchadh Inmheánach déanta ag deireadh 2011. Tuairisc do LNTO le tabhairt ag deireadh Mhárta/Luath-Aibreán. Moltaí le meas agus le cur i bhfeidhm mar is cuí

6. Cuir an Timpeallacht Foghlama Fíorúil (VLE) i bhfeidhm mar is cuí

- VLE a úsáid mar uirlis cumarsáide do ghrúpa oibre agus le grúpaí oibre m.sh. Stiúrthóirí Staidéar. VLE a úsáid chun liosta de theagmhálacha díreacha LNTO a chruthú do threoirchomhairleoirí i scoileanna chun scaipeadh eolais a éascú

7. Foinsí féideartha eile de mhaoiniú díreach agus indíreach a aithint

- Caidreamh le rannóga ROS chun a fháil amach an bhfuil fáil ar mhaoiniú, mar is cuí

3. **CUR LE PRÓIFÍL LNTO MAR SHEIRBHÍS TACAÍOCHTA DON TREOIR SAN OIDEACHAS**

PLEANÁIL STRAITÉISEACH – GNÍOMHARTHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA DO 2012 - 2013

1. **Cuir i láthair do ranna ROS**

- Tabhair cuir i láthair / cuir cáipéisí faisnéise ar fáil do rannóga ROS agus Ranna eile mar is cuí

2. **Déan caidreamh le páirtithe leasmhara / gníomhaireachtaí náisiúnta eile**

- Stiúrthóir le bualadh le páirtithe leasmhara, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí éagsúla mar is cuí
- Is í an Stiúrthóir Ball Ceaptha ag ROS ar Choiste Stiúrtha um Mhaoirseacht ar Threoirchomhairleoireacht
- Tá an Stiúrthóir ina Ball den ghrúpa Comhairleach Qualifax
- Cathaoirleacht agus óstáil ar choiste um thástáil Shíciméadrach ar son ROS

4. **CUIR CUR CHUIGE COMHTHÁITE CHUN CINN MAIDIR LEIS AN TREOIR SNA STURCHTÚIR AGUS FORBAIRTÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN SAN EARNÁIL BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA**

PLEANÁIL STRAITÉISEACH – GNÍOMHARTHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA DO 2012 - 2013

1. **Comhordú, monatóireacht agus tacaíocht don AEGI ar son ROS**

- Cothabháil ar Chóras Bainistíochta um Threoir d'Aosaigh (AGMS) do AEGI
- Athbhreithniú ar phiólóta de thuiriscí Cáilíochtúla / Cainníochtúla
- Comhaontaigh "leagan nua" de thuiriscí dhá uair sa bhliain le ROS
- Ball den ghrúpa Comhairleach do AEGI
- Eolas, comhordú agus éascú ar fhorbairt chleachtadh na treorach ag teacht le forbairtí SOLAS mar atá aontaithe le ROS
- Déan caidreamh le ROS chun rochtain a sholáthar ar threoirlínte um dea-chleachtas don lámhleabhar AEGI don phobal treorach d'aoisigh níos leithne laistigh d'earnáil an oideachais
- Tabhair eolas don Aire agus do Rannóg Breisoideachais ROS nuair a lorgáítear é

- Déan caidreamh le IVEA, CEEOA, AEOA, ALOA agus AEGAI maidir le forbairtí do AEGI agus soláthar na treorach in Earnáil an Bhreisoideachais
- Tabhair eolas do ROS maidir le saincheisteanna a bhaineann le soláthar treorach atá bunaithe ar iar-Ardteistiméireacht

5. **COTHAIGH, COMHORDAIGH AGUS / NÓ SOLÁTHRAIGH FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO CHLEACHTÓIRÍ TREORACH**

PLEANÁIL STRAITÉISEACH – GNÍOMHARTHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA DO 2012 - 2013

1. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

- Comhordaigh agus soláthraigh clár FGL d'fhoireann AEGI
- Athbhreithniú ar sholáthar de Mhodúil 1,2,3 creidiúnaithe ag HETAC de chlár WSGP
- Aithin modhanna cuí "eile" agus réimsí de thacaíocht FGL don Iarbhunscoil agus Iar-Ardteistiméireacht. Déan caidreamh le NAPD agus IGC maidir le soláthar de chlár tacaíochta ábhartha le linn athruithe ar an leithdháileadh ex-quota don treoir
- Moladh, comhordú agus tacaíocht do réimsí agus modhanna comhaontaithe de sholáthar FGL
- Ag teacht le freagra ROS ar Thaighde ar Chomhairleoireacht déanfaidh LNT0 athbhreithniú ar an eolas atá tiomsaithe ar phríomh-théamaí agus saincheisteanna atá ag teacht chun tosaigh sa chomhairleoireacht laistigh den treoirchomhairleoireacht ó na grúpaí Maoirseachta, d'fhonn moltaí a dhéanamh leis an Roinn faoi chlár FGL chun tacú leis an dea-chleachtas sa chomhairleoireacht i soláthar na treoirchomhairleoireachta
- Ag teacht le freagra ROS ar Thaighde ar Chomhairleoireacht déanfaidh LNT0 caidreamh leis na páirtithe leasmhara chun moladh a dhéanamh do mhodúl FGL ar ardscoilleana comhairleoireachta. Déanfaidh Rannóg Oideachais Múinteoirí na Roinne an moladh seo a mheas agus, má aontaítear leis, lorgófar tairiscintí don chlár. Tabharfaidh LNT0 comhairle maidir le riachtanais sa réimse seo.

2. Obair le Stiúirthóirí Staidéar na Treoirchomhairleoireachta

- Tionól agus cathaoirleacht ar choiste Stiúirthóirí Staidéar na Treoirchomhairleoireachta.

6. CUIR LE FORBAIRTÍ EORPACHA SA TREOIR

PLEANÁIL STRAITÉISEACH – GNÍOMHARTHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA DO 2012 - 2013

1. EUROGUIDANCE (Lárionad Náisiúnta Acmhainne)

Gníomhaíochtaí pleanáilte mar atá san iarratas ar dheontas EG le háireamh:

- Cumarsáid tríd an straitéis margaíochta digití
- Gníomhaíochtaí bolscaireacht trí fhéilte gairme
- Nuashonrú ar roinn EG ar shuíomh gréasáin LNTO
- Rannpháirtíocht sa líonra EG
- Ceannas ar fhorbairtí PLOTEUS II/EQF i gcomhair le QQAI
- Cuir an próiseas iarratais i gcrích do mhaoiniú deontais EG do 2013

2. Treoir a Sholáthar do scoileanna Eorpacha

- Comhordú ar threoirchomhairleoirí le taisteal chuig scoileanna Eorpacha chun treoir a sholáthar do scoláirí le Tuismitheoirí Éireannacha ag obair laistigh den AE

3. Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil (ELGPN)

- Freastal agus Rannpháirtíocht ag lánchruinnithe (x2 i mbliana)
- Cur le cáipéisí trí r-phost srl.
- Eolas ELGPN a scaipeadh chuig pobal na treorach trí NCGE News
- Ullmhúchán d'óstáil na hUachtaránachta AE ar lánchruinniú ELGPN i bhFeabhra 2013

4. Academia (Malartán Academia do Threoirchomhairleoirí)

(Athraíonn líon na rannpháirtithe in Academia do gach bliain 2012 & 2013)

- Déan óstáil ar 11 cuairteoir Academia go Luimneach 2012 agus 13 cuairteoir go Baile Átha Cliath 2013
- Déan comhordú ar 8 treoirchomhairleoir Éireannacha ag taisteal chun freastal ar an gclár Academia thar thíortha AE
- Óstáil ar chruinniú comhordaithe Academia i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag 2012

Tuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir LNTO 2013

- Cuir an próiseas iarratais i gcrích do mhaoiniú le haghaidh Academia 2013 agus 2014.